# Glór

BUANÚ AGUS NEARTÚ NA GAEILGE SAN IARTHUAISCIRT

Eagrán 006 Meitheamh 2022




Comhghairdeachas le Eva, Úna, Síle agus Amber, foireann lúthchleasaíochta na Pobalscoile a ghlac páirt i gCraobh na hÉireann de na comórtais Lúthchleasaíochta a bhí ar siúl i dTullach Mhór le gairid.

Comhghairdeachas le Síle Ní Ghallchóir, buaiteoir bonn cré-umha i gcomórtas caitheamh meáchain. D'éirigh le Síle sár-iarracht phearsanta a bhaint amach nuair a chaith sí an meáchan 10.51m.




## Tír gan teanga tír gan anam

**Ba mhaith linn tabhairt le fios go bhfuil roinnt acmhainní curtha le chéile againn a rachadh chun sochair do theaghlaigh agus do ranganna Gaeilge. Scaipigí an scéal le bhur dtoil go bhfuil an tacaíocht ar fail uainne do fhoghlaimeoirí. Bí i dteagmháil linn sa Chrannóg nó buail isteach. Fáilte romhaibh**




Feachtas nua ar bun againn ar na meáin shóisialta don Samhradh chun poiblíocht a thabhairt donár scoith bhialanna agus deis a thabhairt do mhuintir an phobail dearbhán €25 a bhaint do bhialann difriúil achan tseachtain. Tá ag eirí go hiontach leis an feachtas go dtí seo le cúpla míle duine gniomhach inár gcuid postálacha. Comhghairdeas le Maighread Nic Ruaidhrí , Marie Ferry, Bella Doohan agus Máire Harkin a bhain dearbháin go dtí seo.




Beidh deireadh seachtaine mhór ceoil ar siúl anseo i gcroílár Ghaoth Dobhair ar an 8ú agus an 9ú Iúil leis an féile Sult ar ais arís. Beidh scoith na gceoltóití ann idir Gavin James, Kila, Sigala agus go leor eile. Is costas ticéid amháin nó €50 agus is costas ticéid don deireadh seachtaine nó €85. Tuilleadh eolais le fáil ar Home - Sult Festival - Sultfeile, Gweedore, Donegal. Bígí ann!

## Gaelchara

Tá lúcháir orainn a fhógairt go bhfuil scéim Gaelchara ar ais don dara bhliain as a chéile. D'éirigh go maith leis an scéim anuraidh mar sin tá muid sásta é a bheith ar ais arís. Is é atá ann Gaelchara nó go gcasann daoine le chéile lena gcuid Gaeilge a chleachtadh. Tá 10 foghlaimeoirí agus 10 meantóir páirteach sa scéim i mbliana. Ádh mór orthu uilig!



Féasta Sráide & Lá Cuideachta  le Tuismitheoirí na Gaeltachta & MPTIT sa Chrannóg le gairid. Tá muid ontach buíoch do achan nduine a tháinig amach. Tá muid ontach buíoch do Hughie a rinne an beárbaiciú, Órla don aghaidh pheintéil, Caoimhe don scéalaíocht agus Ciarán don phreab Chaisleáin. Buíochas mhór do Dáirine, Brídanna agus Josie a chuidigh fosta.












**Club 100**
**Coiste Forbartha Chnoc Fola**
**Tarraignt roimh an biongó**
**ar an**
**3ú Iúil 2022 ag 7.30i.n.**




PIC•COLLAGE

# Cur aithne ar Odhrán



**Ainm**: Odhrán Mac Niallais

**Aois**: 29

**Caitheamh aimseartha;** Peil gaelach, sacar agus ag imirt gailf

**Bia:** Pizza

**Deoch:** Bainne

**Scannán:** The Town

**Marcálaí is deacra:** Lee Keegan

**Gléas:** Twitter

**Meáin shoisilata:** odhranmac101

**Laoch:** Ronnie O' Sullivan

**Oíche amuigh:** Sean Ógs/ Teach Mhicí

**Cuireadh chuig cóisir:** Will Ferrell, Jonah Hill agus Peter Crouch

**Laethanta saoire:** Dubai

**Seanfhocal:** Níl aon tintéan mar do thinteán féin

**Mana saoil:** Bain sult as!

**Irish Language Classes**

If you would like to brush up on your Irish or are a complete learner, the following centres in your area will have up to date information on classes catering for all abilities and ages.

An Crannóg , Derrybeg (0749532208) Muintearas (0749532578) & Acadamh (091494657) Páirc Gnó. Ionad Naomh Pádraig, Dore. (0749562222) Teach Niall Ó Domhnaill, Lochanure (0863899345)

Any other information or advice, contact The Language Planning Office at 0749560620

Keep up to date with these centres on Facebook

# Apps Gaeilge

Four Popular Irish Language Learning Apps

1. Cúla 4 2. Nemo

3. Duolingo 4. Enjoy Irish

Meitheal Pleánála Teanga an Iarthuaiscirt,
An Crannóg,
Srath na Corcra,
Doirí Beaga,
Leitir Ceanainn,
Co. Dhún na nGall

Fón: 0749560620/ 0872491101
mpt.iarthuaiscirt@gmail.com
www.mptiarthuaiscirt.ie

## Labhair í agus mairfidh sí!